# COMÓRTAS DÍOSPÓIREACHTA UÍ CHADHAIN

## RIALACHA GINEARÁLTA

1. **Tá an comórtas oscailte do iar-bhunscoileanna a ndéantar teagasc iontu trí Ghaeilge.** (Maidir le scoileanna a bhfuil sruth Gaeilge iontu, má roghnaítear dalta ar bith, fiú duine amháin, atá sa sruth Gaeilge le labhairt ar fhoireann caithfidh an fhoireann sin páirt a ghlacadh i gComórtas Uí Chadhain. Má roghnaítear daltaí nach bhfuil sa sruth Gaeilge féadfaidh an fhoireann páirt a ghlacadh i gComórtas an Phiarsaigh, an comórtas díospóireachta eile a eagraímid do scoileanna nach ndéantar teagasc trí Ghaeilge iontu).
2. Beidh dhá roinn sa chomórtas - Roinn na Sóisear agus Roinn na Sinsear.
3. Is do mhic léinn sna ranganna Teastais Shóisirigh Roinn na Sóisear.
4. Is do mhic léinn sna ranganna Ardteistiméireachta Roinn na Sinsear (Idirbhliain san áireamh).
5. Ní ceadmhach d'aon scoil níos mó ná foireann amháin a chur isteach ar Roinn na Sóisear agus foireann amháin ar Roinn na Sinsear.
6. Beidh táille iontrála €15.00 le híoc ag gach foireann. Ní mór na foirmeacha iontrála a bheith ag Gael Linn roimh **21 Meán Fómhair 2015.**
7. Ní bheidh aon dul thar bhreith na moltóirí ag na babhtaí díospóireachta agus ní chuirfear marcanna ar fáil.
8. Déanfar iarracht amanna agus ionaid a roghnú a fheilfidh do na hiomaitheoirí ach caithfidh múinteoirí glacadh leis na socruithe a dhéanfaidh Gael Linn. Beidh formhór na mbabhtaí ar siúl ar 4.30 p.m. nó 5 p.m.

## RÉITEACH DON DÍOSPÓIREACHT

9. Tabharfar an rún do na foirne ar a laghad seachtain roimh gach babhta díospóireachta.

## AM AGUS ORD NA gCAINTEOIRÍ

10. Labhróidh Captaen gach foireann ar dtús, ansin Cainteoir 2 ó gach foireann agus ar deireadh Cainteoir 3 ó gach foireann (A1,B1,C1,D1,A2,B2,C2,D2,A3,B3,C3,D3).
11. Roinn na Sóisear - Tabharfar <u>trí nóiméad</u> do gach cainteoir.
Roinn na Sinsear - Tabharfar <u>ceithre nóiméad</u> do gach cainteoir.
12. Buailfear an clog nuair a bheidh nóiméad amháin fágtha ag cainteoir agus arís nuair a bheidh an t-am istigh. Ní thabharfar marcanna ar aon chaint a dhéanfar tar éis an dara clog agus féadfar marcanna a bhaint de dhuine a rachaidh thar fóir ar fad.

**N.B. DÁTA DEIRIDH IONTRÁLA <u>21 MEÁN FÓMHAIR 2015</u>**

## CURAIDH NA hÉIREANN 2015




Curaidh na hÉireann 2015 – Sóisear
Coláiste Pobail Ráth Chairn, Co na Mí




Curaidh na hÉireann 2015 – Sinsear
Coláiste Eoin, Baile Átha Cliath

## STIÚRADH NA DÍOSPÓIREACHTA

13. Labhrófar tríd an gcathaoirleach i gcónaí agus géillfear dá údarás.
14. Ní ceadmhach cur isteach ar chainteoir, ach nuair a bheidh an comórtas thart féadfaidh an cathaoirleach an díospóireacht a oscailt don urlár.

## DUAISEANNA

Bronnfar duaiseanna aonair i bhfoirm plaiceanna ar na cainteoirí ar fad ag na Craobhacha Réigiúnacha.

Ag Craobh na hÉireann bronnfar Corn Uisne agus duais de luach €1,000 ar churaidh na hÉireann i Roinn na Sóisear agus bronnfar Corn Gael Linn agus duais de luach €1,000 ar churaidh na hÉireann i Roinn na Sinsear. Bronnfar duais de luach €250 an fhoireann ar na foirne eile sa Chraobh.

Bronnfar teastais ar bhaill na bhfoirne ar fad a ghlacfaidh páirt sa chomórtas ag an mbabhta deireanach ina mbeidh siad páirteach. Bronnfar teastais speisialta ar na cainteoirí ar fad sa Chraobh.

## CÓRAS MARCÁLA

Beidh 100 marc an duine ag na cainteoirí agus iad roinnte mar seo a leanas:

| RANNÓGA | | Captaen (100 marc) | Cainteoir 2 (100 marc) | Cainteoir 3 (100 marc) | Obair fhoirne (20 marc) |
|---|---|---|---|---|---|
| Sainmhíniú agus Leagan Amach | 25 | | | | |
| Tuairimíocht | 45 | | | | |
| Bréagnú | 25 | | | | |
| Teacht i láthair agus líofacht | 30 | | | | |
| IOMLÁN | | | | | |
| | | IOMLÁN MARCANNA DON FHOIREANN | | | |

**N.B. DÁTA DEIRIDH IONTRÁLA <u>21 MEÁN FÓMHAIR 2015</u>**

# Comórtas Díospóireachta UÍ CHADHAIN

2016

Gael Linn









Foras na Gaeilge

# FOIRM IONTRÁLA

**An bhfuil sibh ag iontráil?**

- **Foireann shóisearach amháin? (Faoi Theastas Sóisearach) Táille €15.00** A ☐
- **Foireann shinsearach amháin? (Faoi Ardteist) Táille €15.00** B ☐
- **Foireann shóisearach agus shinsearach? Táille €30.00** C ☐

Ainm agus Seoladh Iomlán na Scoile:

Teil. Scoile: Uimhir Rolla na Scoile:

**Sóisear**

Múinteoir na Foirne (Sóisear):

R-phost (scoil): Fón Póca:

R-phost (múinteoir):

Ar mhaith leat a bheith ar phainéal moltóirí Gael Linn?

**Sinsear**

Múinteoir na Foirne (Sóisear):

R-phost (scoil): Fón Póca:

R-phost (múinteoir):

Ar mhaith leat a bheith ar phainéal moltóirí Gael Linn?

An bhfuil aon laethanta nó dátaí ar leith (i.e. scrúduithe scoile, ceoldrámaí etc.) nach n-oirfeadh daoibh le haghaidh babhta díospóireachta?

**Tá bealaí éagsúla ann chun an táille a íoc linn, cuir (√) le do rogha:**

**1 CÁRTA CREIDMHEASA** ☐ Cineál Cárta: (VISA, MASTERCARD nó eile)

Ainm ar an gcárta:

Uimhir an chárta:

Dáta Éaga: Na 3 dhigit dheireanacha den uimhir CVC

**2 LÓISTEÁIL I gCUNTAS BAINC GAEL LINN** ☐

IBAN: IE59 AIBK 9310 1225 2290 57 BIC: AIBKIE2D
(Luaigh ainm na scoile leis an lóisteáil)

**3 ÍOC LE SEIC** ☐

Seiceanna Iníoctha le Gael Linn agus iniata leis an bhfoirm seo

**4 BA MHAITH LINN GO gCUIRFEADH GAEL LINN SONRASC CHUIG AN SCOIL DON TÁILLE** ☐

Sa chás seo seolfaidh Gael Linn sonrasc sa phost chuig an múinteoir i gceannas

**Tá rialacha an chomórtais léite agam agus táim sásta cloí leo.** **Síniú:**____________________ **Dáta:**____________

**Seoltar an fhoirm iontrála chomhlánaithe agus an táille chuí chuig:**

**Comórtas Díospóireachta Uí Chadhain, Gael Linn, 35 Sráid an Dáma, Baile Átha Cliath 2. D02 H797**










# COMÓRTAS DÍOSPÓIREACHTA UÍ CHADHAIN

Tá an comórtas seo á reáchtáil ag Gael Linn do iar-bhunscoileanna a ndéantar teagasc iontu trí Ghaeilge, agus dóibh siúd amháin (fch. Rialacha Ginearálta 1).

## AIDHM AN CHOMÓRTAIS

Is chun leas na Gaeilge atá an comórtas seo á reáchtáil. Chuige sin is dóigh linn gur féidir na díospóireachtaí a úsáid mar áis chun an teanga a mhúineadh trí rannpháirtíocht an ranga go léir. Is féidir é seo a dhéanamh ar shlite éagsúla, mar shampla:

- an rang ar fad a chur ag déanamh taighde ar ábhar an rúin
- ábhar an rúin a thabhairt mar aiste don rang agus na tuairimí a thagann aníos a phlé sa rang
- an rang ar fad a ghríosadh le freastal ar na díospóireachtaí
- mic léinn nach mbeidh ar an bhfoireann a ullmhú roimh ré chun a dtuairimí a thabhairt ón urlár ag deireadh na díospóireachta

## REÁCHTÁIL AN CHOMÓRTAIS

- Beidh suas le ceithre fhoireann páirteach i ngach díospóireacht. Rachaidh dhá fhoireann ar aghaidh ó gach babhta.
- Cuirfear tús leis an gcéad bhabhta sa tseachtain dar tús **5 Deireadh Fómhair 2015.** Cuirfear liosta na socruithe amach chuig na múinteoirí ar a laghad seachtain roimh ré. **Ní athrófar na socruithe seo.** Má tharraingíonn foireann/foirne siar leanfar ar aghaidh leis an díospóireacht leis an líon foirne a bheidh fágtha.
- Tar éis an chéad nó an dara babhta (ag brath ar líon na n-iarratas) eagrófar dhá Chraobh Réigiúnacha ag a mbronnfar duaiseanna. **Is i mí na Nollag 2015 a eagrófar na craobhacha seo.** Rachaidh dhá fhoireann ón dá chraobh sin ar aghaidh go dtí **Craobh na hÉireann i mí Eanáir nó mí Feabhra 2016.**
- Is tríd an ríomhphost agus téacsanna fóin a choinneofar i dteagmháil leis na múinteoirí a bheas ag déileáil linn maidir leis an gcomórtas seo. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach seoladh ríomhphoist na scoile agus seoladh ríomhphoist an mhúinteora féin a bheith soiléir ar an bhfoirm iontrála, chomh maith leis an uimhir theileafóin póca. **Ní roinnfear uimhir theileafóin póca ná seoladh r-phoist pearsanta an mhúinteora le haon tríú páirtí.**

**N.B. DÁTA DEIRIDH IONTRÁLA 21 MEÁN FÓMHAIR 2015**

## NA FOIRNE

- Triúr a bheidh ar gach foireann agus beidh suas le ceithre fhoireann san iomaíocht i ngach babhta díospóireachta. Labhróidh an triúr ar an taobh céanna den rún. Chomh maith lena chuid pointí féin a dhéanamh beidh sé de dhualgas ar an gCaptaen sainmhíniú a dhéanamh ar an rún agus seasamh a fhoirne ina leith a leagan amach. **Ní bheidh** ar an gCaptaen labhairt faoi dhó.
- **Tá sé riachtanach go mbeadh ionadaí ag gach foireann ar eagla nach mbeadh duine den triúr ar fáil ar lá na díospóireachta.**
- Cuirfear treoracha cuimsitheacha ar fáil do gach múinteoir a iontrálann foireann ar conas tabhairt faoi fhoireann a ullmhú do dhíospóireacht. Tá treoirfhíseán le feiceáil freisin ar **www.gael-linn.ie.**

## TAISTEAL

- **Ó thús an chomórtais** íocfar méid áirithe costais taistil leis na foirne a mbíonn orthu turais fhada a dhéanamh. Íocfar suim de **€30** le gach foireann a thaistealaíonn níos mó ná **50** míle ó bhaile, agus **€60** le gach foireann a thaistealaíonn níos mó ná **100** míle ó bhaile.
- Íocfar liúntas taistil speisialta leis na foirne a bheidh páirteach i gCraobh na hÉireann.

## GINEARÁLTA

- Beidh sé de cheart ag Gael Linn íomhánna a ghlactar ag imeachtaí Gael Linn a úsáid mar ábhar poiblíochta don eagraíocht amach anseo.
- Tá polasaí árachais dliteanas poiblí ag Gael Linn a chlúdaíonn ár gcuid scéimeanna ar fad. Ag na himeachtaí a eagraítear do dhaltaí scoile áfach, is éascaitheoir é Gael Linn seachas maoirseoir agus ní mór múinteoir nó duine fásta a bheith ainmnithe ag gach scoil a bheidh freagrach as sábháilteacht agus maoirseoireacht na ndaltaí.

Foras na Gaeilge

**N.B. DÁTA DEIRIDH IONTRÁLA 21 MEÁN FÓMHAIR 2015**

T: 01 6751200 F: 01 6704180 R: eolas@gael-linn.ie www.gael-linn.ie